Is Aisteaċ an Mac é an Saol

(Ar lean.)

Ní raiḃ fios aige cé mb'ḟearr ḋó ċoinneáil air nó an lá a ċaiteaṁ faoi ḋroiċead an tSruṫáin. Le linn do'n smaoineaṁ sin a ḃeiṫ a' riṫ tré n-a ċeann, cé d'ḟeicfeaḋ sé aċ Risteárd a' Ḃúrca a' teaċt amaċ as siopa an tSruṫáin 'gus é a' comaireaṁ lán a ġlaic de ṡinseál sul a gcuirfeaḋ sé ina ṗóca é. Ċuimniġ Cóilín ar a' bpointe gur ċóir ḋó iasaċt luaċ an leaḃair d'iarraiḋ ar an mḂúrcaċ. Faċtas ḋó naċ mba buíoċas ar biṫ ar Risteárd gan é eiteaċtáil, mar níor eitiġ sé féin ariaṁ é nuair a d'iarrfaḋ sé a ċuid ceaċta baile air le cóipeáil! Ċuir an smaoineaṁ sin fuinneaṁ an ṁisniġ i gCóilín agus rinne sé ar Risteárd go breá fearúil. Ḃeannaiġ sé ḋó, aċ níor ṫug an Búrcaċ óg aċ freagra neaṁṡuailceaċ air. Ċuir gusgaíoċt an Ḃúrcaiġ cúṫaileaċt agus coiḃeas air, aċ ina ḋiaiḋ sin féin, lean sé den rud a ḃí curṫa roiṁe aige. Dúirt sé mar seo agus cúṫaileaċt an ḃoiċteanais le moṫú ina ġlór: "Má's é do ṫoil é, a Risteáird, taḃair iasaċt luaċ an leaḃair Tíreolais dom agus ċom siúráilte agus atá tú ansin" — Níor liġ an Búrcaċ níos fuide é agus ní freagra tur a ṫug sé an uair seo air, aċ ceann géar gangaideaċ. D'alpaí sé agus d'áitiġ sé é agus níl ainm toir ná tiar nár ṫug sé air. Ṁaslaiġ sé Seán Ḟiaċa agus a ḃean agus an cuid eile dá ċlainn ⁊ dúirt sé gur mallaiṫe an lá dó an lá a cuireaḋ Cóilín smaoiseaċ na cos noċtaiṫe le n-a ṫaoḃ i suíoċán na scoile. M'anam in a ḋiaiḋ sin féin gur ag Cóilín a ḃí an focal deiriḋ nuair adúirt sé;- "Is maiṫ ḋuit agat mé, muis' nuair a ḃíonns' 'sums' le cóipeáil a'd uaim!" Ṡiúl Cóilín isteaċ doras na scoile go mall doiċeallaċ an ṁaidin sin in éagmais luaċ an leaḃair agus ċuir an bruata de ṁáistir nár ṫuig cruatan an ḃoiċteanais an gasúr sin siar sa gceaṫrú rang. Ḃí ḋá ċroí ag Risteárd a' Ḃúrca gur ṫárla sé sin agus céard a ḋéanfaḋ sé aċ forán a ċur ar Ċóilín arís tráṫnóna a' dul aḃaile ó'n scoil. Níor stop sé go raiḃ Cóilín iṫe go dtí an cnáṁ aige agus ċoṁ maiṫ leis sin ḃí sé reicí, náiriṫe aige.

Nuair a ṫáinic Cóilín aḃaile, d'innis sé gur cuireaḋ siar sa rang é a raiḃ sé an ḃliain roiṁe sin ann ċeal a ḃeiṫ in ann an leaḃar Tíreolais a ċeannaċt. Níor liġ Seán Ḟiaċa a ṁac taoḃ istiġ de ḋoras na scoile ó'n lá sin amaċ. Ḃí luí ag Cóilín leis an scoil ó'n gcéad lá ar cuireaḋ ann é, aċ anois ó ḃí sé tar-éis a ḃeiṫ curṫa siar rang, níorḃ' ḟearr ar biṫ leis é ná cead a ḃeiṫ aige stopaḋ as.

Is minic ins na blianta taréis stopaḋ ḋó adúirt sé leis féin dá dtugaḋ Risteárd a' Ḃúrca luaċ an leaḃair siúd dó, go mbeaḋ rud eicínt de ḃarr na scoile aige seaċas an laí. Ní uair aṁáin adúirt Cóilín go raiḃ sé istiġ aige ḋó agus ḃíoḋ an méid seo d'agus leis i gcónaí, sé sin, "gur beag a ḃí mac boċt feilméara in ann a ċur as do ṁac boc mór a raiḃ an saol mór ar a ṫaoḃ." D'ḟan Cóilín ag obair ḋá ṁuintir go raiḃ sé naoi mbliana déag d'aois agus ansin d'imiġ sé go Meiriceá sa mbliain 1895. D'ḟan Cóilín ag obair ḋá ṁuintir go raiḃ sé naoi mbliana déag d'aois agus ansin d'imiġ sé go Meiriceá sa mbliain 1895. D'ḟan sé ansin ar feaḋ ḋá scór blian, gan mórán cainte ná tráċt á ḋéanaṁ ḋó i mḂaile na Leasa Móire i riṫ an aċair sin.

Ṫáinic sé aḃaile faoi Nollaig na bliana 1935 agus d'ḟéadfá a rá gur iomaí aṫrú a ḃí taréis a ṫeaċt ar an tír seo ó'n gcéad lá a ndeaċa sé ina ḋeoraíoċt. Ḃí cuṁaċt na Sasanaċ briste sa gcuid is mó de agus ḃí an Saorstát nua seo ag iarraiḋ casaḋ ar a ḋúċas. Ní raiḃ aċ ċaol-ċuid de na boic ṁóra Sasanaċa a' cur fúṫú sa tír anois agus ní go ró-ṁaiṫ as a ḃí an cuid is mó acu, cé go mba ḋeisiúil leiṫeadaċ iad tráṫ.

Maidir le Cóilín féin, is sondasaċ a ḃí a ċoṁaoiseaċa in ann aṫruiṫe móra a ṫabairt faoi deara air. Ḃí a ḋaṫúlaċt roinnt tréigṫe ag anró agus allas na mblianta, aċ b'ḟearr a ḃí sé a' breaṫnú in a ḋiaiḋ sin féin ná a ċoṁaoiseaċa a d'ḟan sa mbaile a' treaḃaḋ leis an saol 'gus iad gan mórán dá ḃarr. Aċ má ċuir Cóilín allas, rinne an t-allas sin airgead, ní h-é fearaċt an allais a ṡil a ċoṁaoiseaċa sa mbaile. Ḃí an Poncánaċ seo ar roṫaí an tsaoil anois, mar in éineaċt le n-ár ṡáḃáil sé den méid airgid a ṡaoṫraiġ sé ṫall, ġnóṫaiġ sé duais £5,000 ar ticéad £1, aċ in ainneoin a raiḃ aige, ní raiḃ suimiúlaċt ná uaiḃreaċt a' baint leis. Aċ é ċoṁ h-uṁal, suailceaċ is a ḃ ísé ariaṁ.

An oíċe a dtáinic sé, is beag suí ná seasaṁ a rinne sé i dteaċ a ḋeirfíre, an teaċ a raiḃ sé le cur faoi ann, go ndeaċa sé síos sa teaċ ósta nua a ḃí curṫa suas san áit ó d'imiġ sé, le go gcuirfeaḋ sé comaoin ar a ċoṁaoiseaċa 'gus ar ċoṁursannaí an ḃaile. Ní raiḃ aċ a ċosa ṫar ṫáirseaċ ṫeaċ an ósta ag an 'Yank' nuair a ḃí gaċ a raiḃ istiġ ċuige le láṁ a ċraiṫeaḋ leis.

Ar na daoine a ḃí sa teaċ ósta roiṁe ḃí Caoiṁín Ṁáirtín as Scailp an tSionna, duine a baisteaċ in aon uisce leis. Ó'n gcéad lá ar ċuireadar aiṫne ar a ċéile ḃí Cóilín agus Caoiṁín ċoṁ mór le ċéile is a ḃeaḋ sean-ḃó is coca féir tirim. Go deiṁin, b' iomaí uair a ṫugaḋ an ḃeirt tacaíoċt dá ċéile nuair a ḃíoḋ gasúir eile ag piocaḋ leoḃ ar scoil. Fiú aṁáin an lá a raiḃ Risteárd a' Búrca ag filíoċt ar Ċóilín. ḃíoḋ corr-ġíog as Caoiṁín ag iarraiḋ an Ḃúrcaċ a ċabáil.

Nuair a cloiseaḋ go raiḃ Cóilín Ṡeáin Ḟiaċa tagaiṫe as Meiriceá agus ar ṗointe an ama seo a' glaoċ óil go tréan san teaċ ósta nua, ṫosaiġ fir na h-áite, idir óg is aosta, a' brú isteaċ in a sruṫ i ndoras an ósta. Níorḃ' ḟada gur faċtas bacaċ a' teaċt isteaċ naċ raiḃ falaċ de na seaċt n-éadaí air agus ḃí cuma an ocrais agus na droċ spídiúlaċta séalaiṫe ag an mboiċteanas agus ag an ragairne ar a ċolainn ċnáṁaċ. Ní mó ná go raiḃ a ċéad ṡéideán d'aer plúċta an tí ósta neadaiṫe in a scáṁóga ag an mbacaċ seo gur ḟógair an t-óstóir ḋó doras amaċ a ṫabairt air féin ar an bpointe boise. Sar a raiḃ an tsráid scuabaiṫe ag an mbacaċ, d'ordaiġ an 'Yank' do'n óstóir glaoċ arais agus pé ar biṫ a ḃeaḋ uaiḋ a ṫabairt dó agus go n-íocfaḋ sé féin costas an ḃéileáiste. Rinne an t-óstóir aṁlaiḋ agus ba ġearr an ṁoill ar an mbacaċ 'teaċt arais.

Nuair a ḃí an bacaċ ag ól ar a ċompóird, d'ḟiafraiġ Cóilín de Ċaoiṁín Ṁáirtín céard a ċas é siúd ṫart san áit. Ba ṁall ó Ċaoiṁín an freagra a ṫabairt, aċ sa deire dúirt sé:— "Mac duine uasail é sin ar ḋóaḋ a ṫeaċ in aimsir na trioblóide ⁊ ċaiṫ sé le h-ól agus ragairne gaċ ar ḟág a ṁuintir d'airgead aige agus níorḃ' é an beagán é. Ag imeaċt a' cruinneáil a ḋéirce atá sé ó ṡoin. An dtoṁaisfeá go deo cé h-é féin, a Ċóilín — Risteárd a' Ḃúrca!"

Is beag nár ḃain an méid sin an t-anál de Ċóilín. Níor ḟan focal cainte in a ṗluic go ceann cúig nóiméad. Ansin, ar ṫógáil a láiṁ ó n-a smiġ, d'iompaiġ sé ar Ċaoiṁín agus dúirt — "Ó naċ aisteaċ an mac é an saol!"

Peadar Mac Con Iomaire.

Aṫraiṫe ar Ġaeltarra Éireann

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

Roinn na Gaeltachta mar chathaoirleach air — i ngach ceann de na contaetha Gaeltachta san Iarthar agus trínar cuireadh mar chúram speisialta ar an gcoiste sin forbairt eacnamaíoch na gceantar Gaeltachta a chur ar aghaidh. Beimid ag súil le moltaí fiúntacha ó na coistí sin chun fadhbanna áitiúla a réiteach agus tá dóchas againn go dtiocfaidh tairbhe nach beag as a gcuid oibre. Is eol dom go bhfuil coistí bunaithe freisin ag muintir na Gaeltachta iad féin i gceantair áirithe agus ionadaithe orthu ó eagrais deonacha éagsúla. Beidh mioneolas ag na coistí áitiúla ar riachtanais a gceantar féin agus tiocfaidh leo cabhrú go héifeachtach leis na coistí oifigiúla d'fhonn a áirithiú go mbainfear feidhm as gach deis chun feabhas a chur ar chúrsaí eacnamaíochta. Le linn cuairte a thugas ar an Ghaeltacht anseo san Iarthar tamall ó shin bhí caoi agam fiúntas na gcoistí áitiúla sin a mheas agus ba léir áit ar bith a raibh cinnirí maithe orthu sin go raibh ciall agus praiticiúlacht ag baint lena gcuid moltaí. Tá géar-ghá le tuilleadh de na coistí fiúntacha sin. Ní féidir plean, dá fheabhas é, a chur i gcionn i gceart ar phobal ar bith gan comhoibriú ón phobal sin.

Scéimeanna

Tá lán scéimeanna eile ag Roinn na Gaeltachta ar mhaithe leis an Ghaeltacht agus an Ghaeilge agus tá 50 p.c. níos mó airgid á chur ar fáil dóibh i mbliana ná mar a bhí ann anuraidh. Iarraim ar phobal na tíre, agus go háirithe pobal na Gaeltachta, eolas ceart a chur ar na scéimeanna sin agus feidhm a bhaint astu mar ba chóir — rud nach bhfuil á dhéanamh acu i gcónaí i láthair na huaire. I dtaca leis sin de, b'fhéidir nach miste dom sampla na Gaeltachta seo ina bhfuilimid a lua - Ghaeltacht Chonamara. An bhliain seo caite bhí Gaeltacht Dhún na nGall in ann freastal ar 4,000 dalta, beagnach, faoi Scéim na Scoláireachtaí Saoire. Ní dhearna Gaeltacht Chonamara freastal ach ar tuairim 1,300. Is léir nach bhfuil ionad mar ba dhual di á ghlacadh ag Gaeltacht Chonamara faoin Scéim sin agus go bhfuil gá le tuilleadh Coláistí Gaeilge anseo.

Mar focal scoir sílim nach miste dom a rá go bhfuil áiseanna anois againn a bhfuil muinín againn astu. Ní féidir, áfach, a bheith ag súil le torthaí mór-thaidhbhseacha de dhreib. Tá fadhbanna ollmhóra le réiteach againn agus ní réiteofar na fadhbanna sin mura ndéanfaimid uile tréan-iarracht i gcomhar lena chéile — Roinn na Gaeltachta, Gaeltarra Eireann, na húdaráis áitiúla, na heagrais deonacha a bhfuil suim acu i slánú na Gaeltachta agus, seachas dream ar bith eile, muintir na Gaeltachta iad féin.

Gleannḃarr

Céad Ċuairt an Easbuig ar Ġleannḃarr

Ag dul ṫart ar na Ċoláistí Gaeilge don Dr. Sár-Oirṁinneaċ Mac Fiṫċille, Tiarna Easbog Raṫ Ḃoṫ, b'ar Ċoláiste Loċ Súilí, Gleannḃarr, a ṫug sé an ċéad ċuairt. Cé go raiḃ an scéala ag dul go raiḃ sé le cuairt a ṫaḃairt ar an ċoláiste ní raiḃ bunaḋ an ċoláiste ag dréim leis ar an lá a dtáiniġ sé, b'é sin Dé Luain an 19ú lá de Iúil agus go mór ṁór na mbeaḋ sé ċuca go luaṫ sin ar maidin. Ṫáiniġ sé go goirid indiaiḋ an deiċ. Dá mbeaḋ fios ḃeaḋ scaipṫe de ṁuintir na háiṫe ansin le fíor-ċaoin fáilte a ċuir roiṁe. Ḃí an tAṫair Ó Frigil, rúnaí an Easbuig, in éineaċt leis. Ḃí sár-aiṫne aige ar an tSéiplíneaċ, an tAṫair Ó Raġallaiġ, agus ar beirt de na múinteoirí. P. Uasal Ó Gallċoḃair agus A. Uasal Mac Giolla Coṁgaill. Ḃí'n triúr seo 'na micléinn i gColáiste Naoiṁ Ċolmcille, Doire, nuair a ḃí seisean ag teagasc ansin. Nuair a ċuir múinteoirí agus scoláiri fáilte roiṁe labair sé leo fá'n obair mór-ṫabaċtaiġ a ḃí idir láṁa acu, ṫug sé a Ḃeannaċt dóiḃ agus d'imiġ sé le cuairt a ṫaḃairt ar Ċoláiste Rosgoill. Tá bród ar ḃunaḋ an ċoláiste, idir ṁúinteoirí agus ṁicléinn ⁊ ar ḃunaḋ na háiṫe siocair go dtug an tEasbog cuairt ar an Ġleann agus ar an ċoláiste agus tá siad an sásta go ḃfuil suim aige sa Ġaeilge agus i ngaċ rud a ṫeiġeas un tairḃe do na Gaeltaċta.

Ag caint leis na scoláirí ar an ċuairt oifigiúil a ṫug an tUasal Pádraig Ó Faċtna, Rúnaí Pairliminte, Aire na Gaeltaċta, ar Coláiste Loċ Súilí, Gleannċarr, rinne sé tagairt don obair mór-ṫábaċtaiġ a ḃí idir láṁa ag na múinteoirí agus an díograis le n-ar ċoimlíon siad an obair sin. Ṁol sé do na scoláiri an díograis céanna a ṫaispeáint in a gcuid-san den obair agus an Ġaeilg a ċleaċtaḋ agus a labairt i ngaċ áiméar a ġeoḃaḋ siad. Taispeánaḋ an áit do 'na ḃfuiltear a' dul a ṫógáilt an Coláiste nua Gaeilge, páirc árd tirim i gceart lár an ġleanna. Ḃí sé sé an sásta leis an áit. Táṫar ag súil go mbéiṫear i gcionn oibre ar an ċoláiste nua i dtosaċ na bliana seo ċugainn.

Cuairteoir eile a ṫáiniġ go dtí Gleannḃarr ar na mallaiḃ b'í beirt 'níon Thurnesson, iriseoir ar an "Afton Bladet", an páipéar tráṫnóna is mó cáile sa tSualainn. Is dóiġe go raiḃ an oiread sin daoine ag léaṁ na ḃfógraíoċt a ċuireann Bord Fáilte ionsair na páipéar nuaċta sa tír sin agus ag cuir ceisteanna ċuig an 'Afton Bladet" ar lorg eolais ar Éirinn gur ṡocraiġ ceannairí an ṗáipéar go gcuireaḋ siad an t-iriseoir uasal seo go dtí an tír seo le eolas níos cruinne no ḃí acusan a ḟágailt ar an tír, Tá sí le hailt a scríoḃaḋ ar an Ġaeilge agus ar an aṫḃeoċaint na teangan, ar ḋáteangaċas, ar an Teorainn, ⁊ ar ceisteanna eile a ḃaineas leis an tír go h-áiriṫe mar ionad le laeṫe saoire a ċaiteaṁ ann. Taispeánann cuairt an ċailín uasail seo an tábaċt an ṁór atá ins na fógraíoċta a ċuireann Bord Fáilte ionsair na nuaċtain ṫar lear. Ċaiṫ 'Níon Thurnesson cuid ṁór am sa ċoláiste ag éisteaċt leis na múinteoiri ag teagasc. Ṫáiniġ sí go dtí an céilí sa tráṫnóna agus cuir sí an suim ins na daṁsaí Gaelaċa a ḃí na scoláiri ag déanaṁ agus ann a gcuid aṁrán Gaeilge fosta.

Tá'n ċéad ċúrsa de Ċoláiste Loċ Súilí ṫart agus tá na scoláiri scaipṫe. Má ḃí lúċair orṫu ag teaċt dóiḃ ḃí malairt an scéil ann ag imeaċt dóiḃ óir ḃí na deora ag tuitim leoḃṫa go frás. Níl iontas go raiḃ cuṁaiḋ orṫu. Ḃeaḋ siad ag smaointe ar na laeṫa aoiḃne a ċaiṫ siad ins an ġleann ḃeag imeasc na gcnoc, ar na laeṫa a ċaiṫ siad ag snáṁ 's ag súgraḋ fá'n ċladaċ, ar an tráṫnóna a ċaiṫ siad ṡuas ag na loċa beaga uaigneaċa ar ṁullaiġ Ċnoic Ċolḃa nó ar an tsiuleóid ḋeas a rinne siad go dtí mullaċ an Ċnoic Ḃáin nó ar an turas sár-pléisiúrṫa a ḃí acu go dtí na Dúnaiḃ agus ó sin go dtí Doire an Ċasáin agus ar an ḟáilte ċroíúil a fuair siad ó ċeannairí agus scoláiri an ċoláiste ansin agus ar an tráṫnóna aoiḃinn a ċaiṫ siad ag an céilí san ċoláiste. Ḃeaḋ siad ag smaointe fosta ar na cluiċí agus an caiteaṁ aimsire a ḃí acu ar feaḋ na míosa a ċaiṫ siad i nGleannḃarr, ar an tsár ṫeagasc a fuair siad ó na gcuid ṁáistrí agus an tairḃe ⁊ an pléisiúr a ḃain siad as na ceaċta. Níl iontas go raiḃ siad ag silt na ndeor ag imeaċt dóiḃ agus ag rá gur b'ḟada leo go mbeaḋ siad arais i nGleannḃarr arís. Ḃéiḋ an dara cúrsa ar obair sul a dtiġiḋ na nótaí seo i gcló.

Tá'n aimsir go dona anois le seaċtain agus tá sabailt na mona ag tuitim ar gcúl. Tá'n iomarca feartainne doċaraċ ar na préataí agus tá'n aicid ḋuḃ le feiceáil i gcor ċuiḃreann. Ḃí barr féir go h-an ṁaiṫ sa ċeantar seo agus fuaireas seans maiṫ le na ṡabailt i dtús mí Iúil.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.

An bhfuil sagart ar bith in Éirinn atá sasta cuidiú le Gaeilgeoirí Bhéal Feirste a gceart a fháil ó'n Chliarlathas Chaitliceach?

Scríobh chuig:-

Séamus de Brún,

10, Mountainview Drive,

Béal Feirste 14.